Táimid ar fad buíoch as na buntáistí ar fad a bhaineann leis an bhfón cliste. Tuigimid ar fad, chomh maith, na dúshláin agus na dainséir a bhaineann leis. Táimid ag bunú timpeallacht saor ó ghutháin i bPobalscoil Chorca Dhuibhne. Go bunúsach, teastaíonn uainn oideachas a chur ar na daltaí faoi conas gutháin a úsáid ar shlí freagrach ionas go mbeidh siad ábalta tairbhe a bhaint astu agus go mbeidh siad ábalta na dúshláin a bhaineann leo a sheachaint. Teastaíonn uainn cabhrú leo gan a bheith ag brath chomh mór ar an bhfón póca agus cabhrú leo a bheith rannpháirteach sa tseomra ranga agus dírithe ar an obair.

Tabharfar sparán Yondr do gach dalta nuair a thiocfaidh siad thar n-ais ar scoil. Íocfaidh siad iarlais €10 a thabharfar thar n-ais dóibh ag deireadh na scoilbhliana, chomh fada is go mbeidh dea-chaoi ar an sparán. Tá táille €5 cíosa i gceist gach bliain chomh maith.

Chomh luath is a bheidh na daltaí istigh ar scoil, cuirfidh siad an fón ar an mód ciúin, cuirfidh siad isteach sa sparán é agus dúnfaidh siad é. Beidh siad fós ábalta an fón a bheith leo (istigh sa sparán) an t-am ar fad.

Má bhíonn sé ag teastáil sa tseomra ranga ar chúiseanna oideachais, féadfaidh siad an fón a úsáid faoi threoir an mhúinteora.

Féadfaidh siad an sparán a oscailt agus iad ag dul síos faoin mbaile am lóin agus arís agus iad ag dul abhaile tráthnóna.

Más gá teagmháil a dhéanamh le dalta i gcás éigeandála, cuir glaoch ar an oifig, le do thoil. Mar an gcéanna, sa chás go gcaithfeadh daltaí teagmháil a dhéanamh leis an mbaile, ba cheart dóibh an guthán san oifig a úsáid.

Chun cabhrú linn an cultúr seo saor ón bhfón póca a bhunú, beidh pionóis i gceist nuair a sháraítear na rialacha. I measc na rudaí a thuillfeadh pionós tá seanafón a chur sa sparán, gan an fón a chur ar an mód ciúin agus ‘dearúd a dhéanamh’ ar an sparán sa bhaile.

Céim 1 Fágfaidh an dalta an fón san oifig óna 0900 - 1600 ar feadh seachtaine

Céim 2 Fágfaidh an dalta an fón san oifig óna 0900 - 1600 ar feadh coicíse

Céim 3 Fágfaidh an dalta an fón san oifig óna 0900 - 1600 ar feadh coicíse. Ag an staid seo caithfidh tuismitheoir / caomhnóir an fón a bhailiú gach tráthnóna ar a 1600.

Déanfar teagmháil leis na tuismitheoirí ag gach céim.

Mar is gnáth, le comhoibriú agus tiomantas na ndaltaí agus na dtuismitheoirí, táimid dóchasach go n-éireoidh go maith le Yondr agus go mbeidh ana-thairbhe ann do dhaltaí Phobalscoil Chorca Dhuibhne.
Le haghaidh breis eolais ar conas a oibríonn an córas Yondr féach an nasc seo thíos:

https://www.overyondr.com/howitworks

We all appreciate the many positives associated with smartphones. We are also well aware of the challenges and dangers linked to them. In Pobalscoil Chorca Dhuibhne we are establishing a phone free environment. Primarily, we want to educate the students in a positive and constructive way around mobile phone use to enable them to enjoy the benefits of their phones in a responsible manner while avoiding the challenges. We want to reduce their dependence on phones and to help with concentration and engagement levels in the classroom.

Every student will be presented with a Yondr pouch on their return to school. They will pay a one off €10 deposit which they will get back at the end of school, provided they return the pouch in an acceptable condition. There is also a €5 rental fee per year.

Once inside the school building they will have their phone on silent, place it in the pouch and close it. They will still be able to have their phone (in the pouch) with them at all times.

If required in a class for educational purposes the phone can be used under the supervision of the teacher.

They will be able to open their pouch for going down town at lunch and again when going home in the evening.

If a student needs to be contacted in an emergency please ring the office. Likewise, should students need to contact home they will be able to use the phone in the office.

To help with the establishment of this phone free culture there will be sanctions around non compliance including but not exclusive to putting an old phone in the pouch, failing to place phone on silent and 'forgetting' the pouch at home.

Step 1 Student will leave their phone in the office from 0900 - 1600 for one week

Step 2 Student will leave their phone in the office from 0900 - 1600 for two weeks

Step 3 Student will leave their phone in the office from 0900 - 1600 for two weeks. During this stage a parent / guardian will be required to collect the phone each evening at 1600.

Parents will be contacted at each step.

As always, with the co-operation and commitment from students and parents, we are confident Yondr will be a success and of great benefit to all students of Pobalscoil Chorca Dhuibhne.

For more information on how the Yondr system works please please visit this link:

https://www.overyondr.com/howitworks